# Abairtí Uimhris a Chruthú - Suimiú agus Dealú

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas – suimiú, dealú, abairt uimhris<br>*Naisc Thraschuraclaim- Teanga agus Litearthacht* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• tosú a eagrú a gcuid oibre féin agus oibriú go córasach<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• obair s'acu a léiriú ar dhóigh shoiléir eagraithe, ag úsáid siombailí mar is cuí<br>**Réasúnú Matamaiticiúil**<br>• bheith eolach ar dhóigheanna lena gcuid oibre féin a sheiceáil |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | suimigh 5 agus 2, cuir 5 le 2, dealaigh a 5 óna 7, bain 5 óna 7, is ionann 7 agus 5 + 2, is ionann 5 + 2 agus 2 + 5 |
| **Áiseanna** | áis ar bith a cheadaíonn ionadaíocht uimhris |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

Is féidir an ghníomhaíocht seo a dhéanamh ag úsáid ábhair phraiticiúla, peann luaidhe agus páipéar, nó an clár bán ar líne.

### 1 Gníomhaíocht 1

Roghnaigh 3 uimhir dhifriúla, mar shampla 5, 2, 7. Cuir ceist ar na daltaí cá mhéad abairt uimhris dhifriúil is féidir leo a dhéanamh ag úsáid na n-uimhreacha seo: 5 + 2= 7, 2 + 5 = 7 agus 7 − 2 = 5, 7 − 5 = 2.
Déan arís é agus ansin ag brath ar an dóigh a mbogann daltaí ar aghaidh, socraíonn siad iad féin ar na 3 uimhir lena n-úsáid. Socraíonn daltaí ar na dóigheanna leis na cothromóidí a chur in ord, mar shampla 7 = 5 + 2, 2 + 5 = 7. Pléigh cé acu a théann nó nach dtéann ord scríofa na cothromóide i bhfeidhm ar a chothromaíocht.

### 2 Gníomhaíocht 2

Roghnaigh 2 uimhir agus cearnóg fholamh nó 'x' le seasamh d'uimhir ar iarraidh. Cosúil le Gníomhaíocht 1, iarr ar na daltaí abairtí uimhris a chruthú ag úsáid na rudaí seo. Cibé uimhir atá ar iarraidh, cuir i gcuimhne do na daltaí go caithfidh siad meascán de na huimhreacha seo a úsáid agus iad ag cruthú a gcuid abairtí uimhris.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Inis dom na habairtí uimhris a rinne tú ó na huimhreacha.<br>• Cén freagra a fuair tú nuair a shuimigh tú na huimhreacha?<br>• Cén freagra a fuair tú nuair a dhealaigh tú na huimhreacha?<br>• An bhfuil patrún sa tsuimiú atá cosúil leis an cheann sa dealú?<br>• Cuir an uimhir ar dtús agus léigh na 4 shuim. 7 = 5 + 2, 5 = 7 – 2 srl. An athraíonn sé seo bailíocht na suimeanna? | • Cad é a thugann tú faoi deara faoi shuimiú ó d'abairtí uimhris?<br>• Cad é a thugann tú faoi deara faoi dhealú ó d'abairtí uimhris?<br>• Cén 'patrúin' nó 'rialacha' a thig leat a fheiceáil maidir le suimiú nó dealú? Cá huair nach mbaineann an riail leis?<br>• Cad é a tharlaíonn mura dtugtar ach 2 uimhir duit agus caithfidh tú an tríú huimhir a aimsiú? |

## Difreáil

Méadaigh na huimhreacha ó 3 go 4 nó níos mó le habairtí uimhris a chruthú, nó úsáid ábhair phraiticiúla in áit uimhreacha.
Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.